# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2024

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Stair

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## Nótaí Mínithe/Giorrúcháin don Mharcáil ar Líne

| Siombail | Cur síos | Ciallaíonn sé |
|---|---|---|
| ✓5 | Tic le huimhir | Tic le luach na marcanna a bhronntar (m.sh.5 mharc) |
| ✓ | Tic (bán) | Bailí/ceart/ábhartha/lena ngabhann fiúntas (ní bhronntar aon mharc ar thic bán) |
| [0] | Náid | Gan aon mharc bronnta |
| ✗ | Cros/X (bán) | Neamhbhailí/mícheart/neamhábhartha |
|  | Corrach ceartingearach | Leathanach/roinn feicthe ag an scrúdaitheoir |
| | Líne chothrománach | Cuir líne faoi |
| **GF** | Gan aon Fhreagra | Níor freagraíodh an cheist. |
| **Ábhar breise in A** | | Tagraítear do shraith cheisteanna eile ar leathanach 15 den scrúdpháipéar. |
| **An tríú-A**<br>**An tríú-B**<br>**An tríú-C** | | Tagraítear do fhreagraí sa tríú thopaic an iarrthóra, ina bhfuil na marcanna curtha isteach arís ag an scrúdaitheoir. |
| ✗6 | X-6(lúide 6 mharc) | D'fhéadfadh sé go mbeadh gá marcanna a baint de roinnt scripteanna, ag brath ar an rogha ceisteanna a freagraíodh. |

Nóta maidir le marcáil na gcoigeartuithe don Stair - Gnáthleibhéal, 2024:

Thug na socruithe measúnaithe do Stair na hArdteistiméireachta - Gnáthleibhéal - in 2024 an rogha d'iarrthóirí ceann amháin de dhá shraith treoracha a leanúint, mar atá leagtha amach ar thosach an scrúdpháipéir. Bronnann an córas marcála ar líne marcanna ar an dá ábhar is airde a freagraíodh i Roinn 2 agus i Roinn 3 den scrúdpháipéar. Tá línte breise ar an bpainéal marcála, leis na lipéid "Ábhar Breise A", "Tríú A", "Tríú B", "Tríú C" chun go mbeidh an scrúdaitheoir ábalta marcanna a chur isteach don tríú sraith freagraí bailí.

Tagraíonn an líne "Ábhar Breise A" go sonrach do chuid bhreise A a bhí ar leathanach 15 den scrúdpháipéar, agus is féidir le"Tríú A" bheith ag tagairt d'aon cheann de na Codanna eile A den scrúdú.

I gcásanna áirithe ina ndearnadh iarracht níos mó ná an líon riachtanach de Chuid A, baintear marcanna do "Ábhar Breise A" (lch. 15 den scrúdpháipéar) chun marcanna a chur isteach sa líne "Tríú A" do Chuid A lena ngabhann scór níos airde ó áit éigin eile ar an scrúdpháipéar.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2024

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# An Nua-Aois Dhéanach

# GNÁTHLEIBHÉAL

***TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)***
***(100 marc)***

**TEIDEAL AN STAIDÉIR (gan aon mharc)**

Níl cead aon mharcanna a bhronnadh don teideal, ach beidh sé riachtanach an teideal a chur san áireamh chun breithiúnas a dhéanamh ar 'ábharthacht na foinse ar an ábhar' i *Meastóireacht ar na Foinsí.*

**PLEAN IMLÍNEACH (15 mharc)**

Foinsí a lua = 6 mharc Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Tá dhá fhoinse á lorg.

Foinse amháin iomlán a lua go cruinn = 3 mharc

3 mharc x 2 = 6 mharc le haghaidh dhá fhoinse

Teideal = 1 mharc

Údar = 1 mharc

Píosa amháin eolais sa bhreis air sin mar fhianaise (m.sh.: foilsitheoir, dáta foilsithe, seoladh suíomh gréasáin, srl) = 1 mharc

**Sainigh agus tabhair údar ar an ábhar staidéir atá molta agus na haidhmeanna agus an cur chuige atá beartaithe a aithint.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist acu staidéar a dhéanamh air agus cén fáth? An leagann an t-iarrthóir amach aidhmeanna an staidéir agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Ag glacadh an freagra ina iomláine, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go stuama?

***An Mhaith:*** 8-9 marc
**M*aith:*** 6 mharc-7 marc
***Réasúnta:*** 3-5 mharc
***Lag:*** 0-2 mharc

## MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 marc)

Tagairt a dhéanamh do láidreachtaí agus/nó laigí na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar. Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go stuama?

| | | |
|---|---|---|
| Tagairt don DÁ fhoinse: | ***An-mhaith:*** | 21-25 marc |
| | ***Maith:*** | 15-20 marc |
| | ***Réasúnta:*** | 8 marc-14 mharc |
| | ***Lag:*** | 0-7 marc |
| Gan ann ach tagairt d'AON fhoinse amháin | ***An-mhaith:*** | 14-17 marc |
| | ***Maith:*** | 10 marc-13 mharc |
| | ***Réasúnta:*** | 5 mharc-9 marc |
| | ***Lag:*** | 0-4 mharc |

## AISTE FHADA (60 marc)

Aiste stairiúil = 50 marc Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde = 10 marc

D'fhéadfadh an próiseas taighde a bheith lárnach don aiste nó i láthair mar ghné ar leith.

Ba cheart an aiste stairiúil a mheas mar aonad agus marc as 50 a bhronn mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| ***Eolas stairiúil – 25 marc***<br>Críochnúil<br>cruinn<br>agus ag baint leis an teideal | ***An-mhaith:***<br>***Maith***:<br>***Réasúnta.***<br>***Lag***: | 21-25<br>15-20<br>8-14<br>0-7 |
| ***Scileanna taighde – 15 mharc***<br>Tá an staidéar atá roghnaithe suntasach ó thaobh na staire de (níl sé doiléir nó fánach)<br>Plé cóir cothrom ar na ceisteanna<br>Léirítear taighde sách domhain | ***Sármhaith:***<br>***An-mhaith:***<br>***Maith***:<br>***Réasúnta.***<br>***Lag***: | 13-15<br>10-12<br>7-9<br>4-6<br>0-3 |
| ***Cur i Láthair – 10 marc***<br>Struchtúr<br>Fád sách | ***An-mhaith:***<br>***Maith***:<br>***Réasúnta.***<br>***Lag***: | 8-10<br>6-7<br>4-5<br>0-3 |

***Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde (10 marc)***

Is féidir é seo a bheith mar chuid neamhspleách nó mar chuid lárnach den aiste.
Anseo, ba cheart don scrúdaitheoir an próiseas taighde a mheas ina iomláine.
Leis an athbhreithniú pléite, ba cheart don scrúdaitheoir marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***An-mhaith:*** | 8-10 marc |
| ***Maith:*** | 6 mharc-7 marc |
| ***Réasúnta:*** | 4-5 mharc |
| ***Lag:*** | 0-3 mharc |

***Roinn 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE (CDB)***
***(100 marc)***

Tá ceithre chuid den cheist dhoiciméad-bhunaithe:

1. Léirthuiscint (40 marc)
2. Comparáid (20 marc)
3. Cáineadh (20 marc)
4 Comhthéacsú (20 marc)

***1. Léirthuiscint (40 marc)***

| | | |
|---|---|---|
| (a) | Teach na Trádála | 8M |
| (b) | Bhí iarracht déanta acu an rialtas Sóivéadach a threascairt | 8M |
| (c) | Chun Stalin a fheallmharú | 8M |
| (d) | 18 n-uair an chloig agus 35 nóiméad | 8M |
| (e) | Ba é an breithiúnas go bhfuarthas go raibh siad go léir ciontach | 8M |

Uasmharc = 40M

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) Deir Doiciméad A gurbh é Vyshinsky "an t-ionchúisitheoir".
Déanann sé "ionsaí fada searbh" ar na cosantóirí.
Ghlac sé "dhá uair an chloig mhaith" air liosta na gcúiseanna ina gcoinne a léamh amach.
Is cosúil go bhfuil na cúisimh "tacaithe go láidir" ag fianaise.
Cuireann sé ina luí ar an lucht éisteachta/féachana go raibh na fir a bhí cúisithe ciontach.

Deir Doiciméad B freisin gurbh é Vyshinsky "an t-ionchúisitheoir".
Iarrann sé ar na príosúnaigh a rá an bhfuil siad ciontach as coireanna amhail spiaireacht.
Cuireann sé ina luí ar ambasadóir Mheiriceá go bhfuil "comhcheilg pholaitiúil chinnte ann chun an rialtas Sóivéadach a threascairt".

Marcáil caighdeán an mhínithe bunaithe ar a dtuillteanas. Tagairt don dá dhoiciméad ag teastáil.

5M + 5M Uasmharc = 10M

(b) Soláthraíonn Doiciméad A níos mó eolais ar na coireanna líomhnaithe ná mar a sholáthraíonn doiciméad B.

Luaitear trí chúiseamh i ndoiciméad A. Tá na cosantóirí cúisithe as iarracht a dhéanamh an rialtas Sóivéadach a threascairt, a bheith ina spiairí a bhí á n-íoc ag cumhachtaí eachtracha agus iarracht a dhéanamh Stalin a fheallmharú.

Luaitear dhá choir i nDoiciméad B. Tá Bukharin cúisithe as spiaireacht agus creideann ambasadóir Mheiriceá go bhfuil "comhcheilg pholaitiúil chinnte ann chun an rialtas Sóivéadach a threascairt".

2M + 4M + 4M　　　　　　　　　　　　　　　　　　　　　　　　Uasmharc = 10M

***3.　　Cáineadh　　(20 marc)***

(a) Glac le príomha nó tánaisteach ar choinníoll gur tugadh cúis bhailí. Ná tabhair marcanna ar bith mura dtugtar cúis bhailí.

Foinse phríomhúil. Bhí Ilya Zbarsky ina fhinné súl a d'fhreastail ar thriail seó 1938. Tugann sé cuntas pearsanta dúinn ar an dóigh a ndearnadh an triail. Is é sin a beathaisnéis phearsanta a mhíníonn conas a mhothaigh sé ag an am, "Cuireadh ina luí orm go raibh na fir chúisithe ciontach".

Foinse thánaisteach: Foilsíodh beathaisnéis Ilya Zbarsky in 1998, seasca bliain i ndiaidh na n-imeachtaí a chuirtear síos inti. In 1998, ní thugann Zbarsky cuntas príomhúil ar imeachtaí 1938, ach tá sé ag smaoineamh siar orthu i ndiaidh bearna seasca bliain. Mar sin, d'fhéadfaí glacadh leis sin mar fhoinse thánaisteach. Is sliocht coimrithe é doiciméad A agus mar sin d'fhéadfaí glacadh leis sin mar fhoinse thánaisteac.h

Príomha/Tánaisteach agus cúis bhailí　　5M + 5M　　　　　　Uasmharc = 10M

(b) Tá dhá phíosa fianaise i ndoiciméad B a léiríonn gur chreid an tAmbasadóir Davies go raibh na cosantóirí ciontach.

- Taifeadadh é ag rá "tá siad ciontach" i gcomhrá príobháideach.
- Chomh maith leis sin, scríobh sé chuig an Uachtarán Roosevelt, ag rá gur léirigh an triail "comhcheilg pholaitiúil chinnte" in éadan an rialtais Shóivéadaigh."

5M + 5M　　　　　　　　　　　　　　　　　　　　　　　　Uasmharc = 10M

***4 Comhthéacsú (20 marc)***

*Cad iad na bealaí ina raibh tionchar ag na seóthrialacha ar an Rúis nuair a bhí Stailín i gceannas ar an tír?*

Marcáil ón bprionsabal den Croí-Ráiteas. Uasmharc = 20M

Is féidir **Croí-Ráiteas** a shainmhíniú mar cheann amháin de seo a leanas:

- Ráiteas fíorasach suntasach atá ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.
- Míniú, tuairim nó trácht bailí atá ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.
- Ráiteas tosaigh **NÓ** clabhsúir suntasach atá ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.

Chun an prionsabal marcála de Chroí-Ráiteas a chuir i bhfeidhm, beidh ar scrúdaitheoirí lean ar aghaidh mar seo a leanas:

- Ar léamh an fhreagra, ba cheart é a bhriseadh síos ina gCroí-Ráitis, agus tic (√ ) a chur ag deireadh gach Croí-ráitis.
- Bronntar 5 mharc ar gach Croí-ráiteas críochnaithe.
- D'fhéadfadh Croí-ráiteas neamhchríochnaithe ag deireadh freagra 1-4 mharc a thuilleamh.

Anseo, i gceist 4 den DBQ, beidh an scrúdaitheoir ag féachaint le 5 mharc an ceann a bhronnadh ar cheithre Chroí-ráiteas don leithdháileadh iomlán 20 marc.

***Roinn 2 agus Roinn 3***
***ÉIRE agus EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (300 marc)***

Tá gach Topaic roinnte ina thrí chuid:

A. Aonad faoi thiomáint spreagthach le 5 cheist ghearr a bhfuil orthu triail a bhaint astu (íosmhéid: (30 marc)
B. Ba cheart alt gearr a scríobh mar fhreagra ar cheann amháin de na ceithre cheannteideal seo
(íosmhéid: (30 marc)
C. Alt níos faide  le bheith scríofa mar fhreagra ar cheann amháin as ceithre cheist (íosmhéid: 40 marc)

Leanfaidh an mharcáil ar chuid A, B agus C ar aghaidh mar seo a leanas:

A. De ghnáth, bronnfar na marcanna mar 6 mharc an cheist, le 6 mharc X 5 ag tabhairt 30 marc mar uasmharc. Féach ar ***Nótaí ar thopaicí aonair*** thíos le haghaidh éagsúlachtaí ar an gcleachtadh sin.
B. Beidh an freagra seo marcáilte ag an bprionsabal de Chroí-Ráiteas, mar a shainmhínítear thuas.
Bronnfar Uasmharc Carnach de 20 ar Chroí-Ráitis agus ligfear uasmharc de 10 marc don Mheastóireacht Fhoriomlán an scrúdaitheora ar an fhreagra. Féach ar an scála aistritheach thíos.
C. Beidh an freagra seo marcáilte ag an bprionsabal de Chroí-Ráiteas, mar a shainmhínítear thuas.
Ligfear Uasmharc Carnach de 30 ar Chroí-Ráitis agus ligfear uasmharc de 10 marc don Mheastóireacht Fhoriomlán an scrúdaitheora ar an fhreagra. Féach ar an scála aistritheach thíos.

**Marc Carnach (MC)**
Seo e an marc iomlán a bronnadh ar Chroí-Ráitis, faoi réir uasmharc 20 marc i bpáirt B agus uasmharc 30 marc i bpáirt C.

**Meastóireacht Fhoriomlán (MF)**
Le MF a bhronnadh, ní mór don scrúdaitheoir smaoinigh ar cé chomh maith is a bhfreagraíonn an freagra don cheannteideal nó an dóigh a dtéann siad i ngleic leis an gceist shocraithe. Beidh an tábla grádaithe a leanas i bhfeidhm:

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** | 9-10 marc |
| ***An-mhaith:*** | 7-8 marc |
| ***Maith:*** | 5-6 mharc |
| ***Réasúnta:*** | 3-4 mharc |
| ***Lag:*** | 0-2 mharc |

Le MC agus MF a bhronnadh, rachaidh an scrúdaitheoir i ngleic leis an ábhar le hintinn oscailte ar raon na bhfreagraí bailí a d'fhéadfaí a bheith ag súil ó iarrthóir ag Gnáthleibhéal agus le tuiscint ar scóip den eolas agus scileanna stairiúla atá éilithe ag an siollabas.

***Nótaí ar thopaicí aonair***

***ROINN 2: ÉIRE***

*Éire: Topaic1*
**Éire agus an tAontas, 1815-1870**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | De bharr fuacht géar | (6) |
| A2. | Gorta/galar/eisimirce (cúis amháin nó níos mó) | (6) |
| A3. | Tá sé beag (“fiche troigh ar airde ar éigean”)/tá sé cosúil le “prochóg” | (6) |
| A4. | Níl aon teach/ioncam aige | (6) |
| A5. | Cinneadh AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*Éire: Topaic 2*
**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | An chéad Bhille Rialtas Dúchais | (6) |
| A2. | Bhí formhór na ndaoine sásta glacadh leis | (6) |
| A3. | Éireannaigh a raibh cónaí orthu i Sasana | (6) |
| A4. | Ní bheadh duine ar bith ann chun ionadaíocht a dhéanamh do dhaonra mór na hÉireann sa Bhreatain ag Westminster | (6) |
| A5. | Diúltaíodh don Bhille | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*Éire: Topaic 3*
**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Ard-Oifig an Phoist ` | (6) |
| A2. | Cuireadh faoi thriail armchúirte é/daoradh chun báis é/thug a bhean agus a iníon cuairt air | (6) |
| A3. | Mar gheall ar a ghortuithe | (6) |
| A4. | Chun bás Uí Chonghaile a chur ar fionraí | (6) |
| A5. | Arm Cathartha na hÉireann | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | (Os cionn) 12,000 duine | (6) |
| A2. | Fuair 20,000 duine/30% bás | (6) |
| A3. | Typhus | (6) |
| A4. | Líon (3M), ardaíodh bacainní ina gcoinne (3M) | (6) |
| A5. | Bhí tiarnaí talún nó caomhnóirí dhlí na mbocht ag íoc as ticéid chun daoine a spreagadh le dul ar imirce | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*Éire: Topaic 5*

**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Mothú meatha | (6) |
| A2. | 25% | (6) |
| A3. | Chuaigh na siopaí as gnó/ theip ar ghnólachtaí | (6) |
| A4. | Dearcadh éadóchais/nach féidir Doire a shábháil | (6) |
| A5. | Argóint bhailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Rúnaí sa Roinn Airgeadais | (6) |
| A2. | An Taoiseach (3M), Jack Lynch (3M) | (6) |
| A3. | Go rachadh Éire isteach sa CEE freisin/go rachadh an dhá thír isteach sa CEE | (6) |
| A4. | Ár ngaol trádála leis an mBreatain a chailleadh/gan bhallraíocht CEE a bheith ann | (6) |
| A5. | Éacht bailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

## *ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR*

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic1*

**An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Fórsa póilíneachta a bhí eagraithe i gceart | (6) |
| A2. | Láithreacha patróil/ceanncheathrú lárnach (nó stáisiúin póilíní) | (6) |
| A3. | Póilíní abhann/Póilíní capall/Seirbhís bleachtaire | (6) |
| A4. | Chuirfeadh sé cosc ar ghníomhaíocht choiriúil | (6) |
| A5. | Leasú bailí AMHÁIN a bhaineann le Peel | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

**Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Sasana | (6) |
| A2. | Bunáiteanna cabhlaigh/cathlonga | (6) |
| A3. | Tionscail armúir (3M) agus armála (3M). | (6) |
| A4. | Dhá scuadrún iomlán d'ocht long chogaidh | (6) |
| A5. | Freagra bailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Seomra ar leith le hithe ann | (6) |
| A2. | Aeráil | (6) |
| A3. | Bhí gléas bugála i ngach cúinne/bhí an fhoireann ag spiaireacht don KGB | (6) |
| A4. | An KGB (póilíní rúnda) | (6) |
| A5. | Go bhféadfadh an dá shárchumhachta maireachtáil go síochánta | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Lá na Saoirse | (6) |
| A2. | Saoradh príosúnaigh pholaitiúla/laghdaíodh pianbhreitheanna báis go dtí príosúnacht saoil | (6) |
| A3. | Sáirithe trídhathacha | (6) |
| A4. | Moslamaigh agus Hiondúigh (3M), ar na sráideanna/i gCalcúta (3M) | (6) |
| A5. | Fadhb aitheanta AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | An Vítneam Thuaidh/Víotchongach | (6) |
| A2. | In aice le bunáit aeir SAM/I gCeantar Cu Chi/in aice le Saigon | (6) |
| A3. | Stáisiúin altranais/seomraí obráide/cistineacha/áiteanna bia/áiteanna scíthe/ láithreacha stórála - DHÁ cheann ar bith (3M + 3M) | (6) |
| A4. | D'fhéadfadh anVíotchongach feidhmiú os comhair an dá shúil ag fórsaí Mheiriceá/ionsaí a dhéanamh gan rabhadh / imeacht siad go tapa | (6) |
| A5. | Cúis bhailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

**Ceisteanna breise maidir le Roinn A ar leathanach 15 den scrúdpháipéar:**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | 8.45 a.m. | (6) |
| A2. | 50 nóiméad | (6) |
| A3. | Tá neart bia ar fáil/uibheacha, bradán, ceapairí ar fáil | (6) |
| A4. | Cóiríocht i hallaí druileála/scoileanna/institiúidí eaglaise | (6) |
| A5. | Cúis bhailí AMHÁIN | (6) |

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2024

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# An Nua-Aois Luath

# GNÁTHLEIBHÉAL

***TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)***
***(100 marc)***

**TEIDEAL AN STAIDÉIR (gan aon mharc)**

Níl cead aon mharcanna a bhronnadh don teideal, ach beidh sé riachtanach an teideal a chur san áireamh chun breithiúnas a dhéanamh ar 'ábharthacht na foinse ar an ábhar' i *Meastóireacht ar na Foinsí.*

**PLEAN IMLÍNEACH (15 mharc)**

Foinsí a lua = 6 mharc

Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Tá dhá fhoinse á lorg.

Foinse amháin iomlán a lua go cruinn = 3 mharc

3 mharc x 2 = 6 mharc le haghaidh dhá fhoinse

Teideal = 1 mharc

Údar = 1 mharc

Mír eolais eile sa bhreis air sin mar fhianaise (m.sh.: foilsitheoir, dáta foilsithe, seoladh suíomh gréasáin, srl.) = 1 mharc

**Sainigh agus tabhair údar ar an ábhar staidéir atá molta agus na haidhmeanna agus an cur chuige atá beartaithe a aithint.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist acu staidéar a dhéanamh air agus cén fáth? An leagann an t-iarrthóir amach aidhmeanna an staidéir agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Ag glacadh an freagra ina iomláine, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go stuama?

| | |
|---|---|
| ***An Mhaith:*** | 8-9 marc |
| ***Maith:*** | 6 mharc-7 marc |
| ***Réasúnta:*** | 3-5 mharc |
| ***Lag:*** | 0-2 mharc |

## MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 marc)

Tagairt a dhéanamh do láidreachtaí agus/nó laigí na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar. Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go stuama?

| | | |
|---|---|---|
| Tagairt don DÁ fhoinse: | ***An-mhaith:*** | 21-25 marc |
| | ***Maith:*** | 15-20 marc |
| | ***Réasúnta:*** | 8 marc-14 mharc |
| | ***Lag:*** | 0-7 marc |
| Gan ann ach tagairt d'AON fhoinse amháin | ***An-mhaith*:** | 14-17 marc |
| | ***Maith:*** | 10 marc-13 mharc |
| | ***Réasúnta:*** | 5 mharc-9 marc |
| | ***Lag:*** | 0-4 mharc |

## AISTE FHADA (60 marc)

Aiste stairiúil = 50 marc Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde = 10 marc

Ba cheart an aiste stairiúil a mheas mar aonad agus marc as 50 a bhronn mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| ***Eolas stairiúil – 25 marc***<br>Críochnúil<br>cruinn<br>agus ag baint leis an teideal | **An-mhaith:**<br>**Maith:**<br>**Réasúnta:**<br>**Lag:** | 21-25<br>15-20<br>8-14<br>0-7 |
| ***Scileanna taighde – 15 mharc***<br>Tá an staidéar atá roghnaithe suntasach ó thaobh na staire de (níl sé doiléir nó fánach)<br>Plé cóir cothrom ar na ceisteanna<br>Léirítear taighde sách domhain | **Sármhaith:**<br>**An-mhaith:**<br>**Maith:**<br>**Réasúnta:**<br>**Lag:** | 13-15<br>10-12<br>7-9<br>4-6<br>0-3 |
| ***Cur i Láthair – 10 marc***<br>Struchtúr<br>Fád sách | **An-mhaith:**<br>**Maith:**<br>**Réasúnta:**<br>**Lag:** | 8-10<br>6-7<br>4-5<br>0-3 |

***Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde (10 marc)***

Is féidir é seo a bheith mar chuid neamhspleách nó mar chuid lárnach den aiste.
Anseo, ba cheart don scrúdaitheoir an próiseas taighde a mheas ina iomláine.
Leis an athbhreithniú pléite, ba cheart don scrúdaitheoir marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***An-mhaith:*** | 8-10 marc |
| ***Maith:*** | 6 mharc-7 marc |
| ***Réasúnta:*** | 4-5 mharc |
| ***Lag:*** | 0-3 mharc |

***Roinn 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE (CDB)***
***(100 marc)***

Tá ceithre chuid den cheist dhoiciméad-bhunaithe:

1. Léirthuiscint (40 marc)
2. Comparáid (20 marc)
3. Cáineadh (20 marc)
4. Comhthéacsú (20 marc)

***1. Léirthuiscint (40 marc)***

(a) Go dtí an Domhan Nua 8M

(b) Ó fhud fad na Spáinne 8M

(c) Oibrithe teicstíle/searbhóntaí 8M

(d) Fear uasal as Sevilla/Pedro de Esquivel 8M

(e) Ag ní éadaí/ag réiteach bia/ag tabhairt aire do na fir/ag troid in éadan na nIndiach 8M

Uasmharc = 40M

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) Tugann Doiciméad A níos mó eolais faoi Sevilla.

Luann Doiciméad A gur sheol longa go dtí an Domhan Nua ón Sevilla. Míníonn sé na roghanna fostaíochta ar fáil do chailíní sa chathair, a bheith ina n-oibrithe teicstíle nó ina searbhóntaí.

Pléann Doiciméad B coinníollacha sa Domhan Nua agus cruatain na mban ansin. Is é an t-aon trácht ar Sevilla ná go raibh scríbhneoir na litreach pósta ar fhear uasal as Sevilla.

Marcáil caighdeán an mhínithe bunaithe ar a dtuillteanas.
Tagairt don dá dhoiciméad ag teastáil.

2M + 4M + 4M Uasmharc = 10M

(b) Déanann Doiciméad B cur síos mion ar chontúirtí an Domhain Nua.

Luann Doiciméad A go bhfuair cailíní ticéid chun dul go dtí an Domhan Nua in amanna mar mhalairt ar roinnt blianta de shaothar gan phá, ach ní luaitear contúirtí an Domhain Nua ann.

Luann Doiciméad B dhá phríomhchontúirt do lonnaitheoirí Spáinneacha sa Domhan Nua. Faigheann cuid mhór daoine bás de bharr easpa bia. Tagann na hIndiaigh chun cath a dhéanamh agus caithfear an fód a sheasamh.

Marcáil caighdeán an mhínithe bunaithe ar a dtuillteanas.
Tagairt don dá dhoiciméad ag teastáil.

2M + 4M + 4M | Uasmharc = 10M

## *3. Cáineadh (20 marc)*

(a) Is foinse thánaisteach é Doiciméad A toisc go bhfuil sé scríofa ag staraí, Cissie Fairchilds, i leabhar a foilsíodh in 2007. Ní raibh Fairchilds i láthair chun na himeachtaí a chuireann sí síos ina leabhar a fheiceáil, a foilsíodh thart ar 500 bliain ina ndiaidh. Níl Fairchilds, atá beo sa 20ú/21ú haois, ina finné súl ar na himeachtaí ina gcuireann sí síos orthu.

Foinse thánaisteach agus míniú bailí 5M + 5M | Uasmharc = 10M

(b) Féadfaidh freagraí argóint a dhéanamh ar son agus/nó i gcoinne an mholta gur foinse stairiúil iontaofa é Doiciméad B. D’fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar chúiseanna:

- Tá sé iontaofa mar tá cuntas an scríbhneora bunaithe ar a taithí phearsanta féin sa Domhan Nua.
- Tá sé neamhiontaofa toisc go bhfuil sé chun leas an scríbhneora áibhéil a dhéanamh faoi cé chomh deacair agus a bhí an saol sa litir seo ag lorg gair ó bhall de theaghlach ríoga na Spáinne.
- Tá sé iontaofa mar tugann sí ainmneacha agus fíricí a d’fheadfaí a dheimhniú ó fhoinsí eile m.sh. ainm a fir céile, líon na ndaoine ina ngrúpa, líon na mbás, srl.

Lorg dhá chúis 5M + 5M | Uasmharc = 10M

***4. Comhthéacsú (20 marc)***

Cad iad na bealaí a raibh tionchar ag fionnachtain an Domhain Nua ar Sevilla?

Marcáil ón bprionsabal den Croí-Ráiteas. Uasmharc = 20M

Is féidir **Croí-Ráiteas** a shainmhíniú mar cheann amháin de seo a leanas:

- Ráiteas fíorasach suntasach atá ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.
- Míniú, tuairim nó trácht bailí atá ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.
- Ráiteas tosaigh **NÓ** clabhsúir suntasach atá ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.

Chun an prionsabal marcála de Chroí-Ráiteas a chuir i bhfeidhm, beidh ar scrúdaitheoirí lean ar aghaidh mar seo a leanas:

- Ar léamh an fhreagra, ba cheart é a bhriseadh síos ina gCroí-ráitis, cuirtear tic (√ ) ag deireadh gach Croí-ráitis.
- Bronntar 5 mharc ar gach Croí-ráiteas críochnaithe.
- D'fhéadfadh Croí-ráiteas neamhchríochnaithe ag deireadh freagra 1-4 mharc a thuilleamh.

Anseo, i gceist 4 den DBQ, beidh an scrúdaitheoir ag féachaint le 5 mharc an ceann a bhronnadh ar cheithre Chroí-ráiteas don leithdháileadh iomlán 20 marc.

**_Roinn 2 agus Roinn 3_**
**_ÉIRE agus EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (300 marc)_**

Tá gach Topaic roinnte ina thrí chuid:

A. Aonad spreagadh-thiomáinte le 4/5 fhreagra ghearra nach mór tabhairt faoina bhfreagairt (íosmhéid: (30 marc)
B. Ba cheart alt gearr a scríobh mar fhreagra ar cheann amháin de na ceithre cheannteideal seo (uasmharc:30 marc)
C. Alt níos faide le scríobh mar fhreagra ar cheann de cheithre cheannteideal (uasmharc: 40 marc)

Leanfaidh an mharcáil ar chuid A, B agus C ar aghaidh mar seo a leanas:

A. De ghnáth, bronnfar na marcanna mar 6 mharc an cheist, le 6 mharc X 5 ag tabhairt 30 marc mar uasmharc. Féach ar ***Nótaí ar thopaicí aonair*** thíos le haghaidh éagsúlachtaí ar an gcleachtadh sin.
B. Beidh an freagra seo marcáilte ag an bprionsabal de Chroí-Ráiteas, mar a shainmhínítear thuas. Bronnfar Uasmharc Carnach de 20 ar Chroí-Ráitis agus ligfear uasmharc de 10 marc don Mheastóireacht Fhoriomlán an scrúdaitheora ar an fhreagra. Féach ar an scála aistritheach thíos.
C. Beidh an freagra seo marcáilte ag an bprionsabal de Chroí-Ráiteas, mar a shainmhínítear thuas. Ligfear Uasmharc Carnach de 30 ar Chroí-Ráitis agus ligfear uasmharc de 10 marc don Mheastóireacht Fhoriomlán an scrúdaitheora ar an fhreagra. Féach ar an scála aistritheach thíos.

**Marc Carnach (MC)**
Seo e an marc iomlán a bronnadh ar Chroí-Ráitis, faoi réir uasmharc 20 marc i bpáirt B agus uasmharc 30 marc i bpáirt C.

**Meastóireacht Fhoriomlán (MF)**
Le MF a bhronnadh, ní mór don scrúdaitheoir smaoinigh ar cé chomh maith is a bhfreagraíonn an freagra don cheannteideal nó an dóigh a dtéann siad i ngleic leis an gceist shocraithe. Beidh an tábla grádaithe a leanas i bhfeidhm:

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** | 9-10 marc |
| ***An-mhaith:*** | 7-8 marc |
| ***Maith:*** | 5-6 mharc |
| ***Réasúnta:*** | 3-4 mharc |
| ***Lag:*** | 0-2 mharc |

Le MC agus MF a bhronnadh, rachaidh an scrúdaitheoir i ngleic leis an ábhar le hintinn oscailte ar raon na bhfreagraí bailí a d'fhéadfaí a bheith ag súil ó iarrthóir ag Gnáthleibhéal agus le tuiscint ar scóip den eolas agus scileanna stairiúla atá éilithe ag an siollabas.

***Nótaí ar thopaicí aonair***

## ***ROINN 2: ÉIRE***

*Éire: Topaic 1*
### Leasú agus Reifirméisean in Éirinn na dTúdarach, 1494-1558

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Bhí cead ag mná maoin a bheith acu féin neamhspleách ar a bhfear céile | (6) |
| A2. | A spré | (6) |
| A3. | Bhí nó ní raibh (3m) agus cúis bhailí (3m) | (6) |
| A4. | Páistí uile (a rugadh idir laistigh agus lasmuigh den phósadh) | (6) |
| A5. | Difríocht bhailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*Éire: Topaic 2*
### Éirí amach agus concas in Éirinn i réimeas Eilíse, 1558-1603

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Fear Ionaid (na hÉireann) | (6) |
| A2. | In aghaidh Shéain Uí Néill | (6) |
| A3. | Ba shaighdiúirí tuarastail iad | (6) |
| A4. | Fíon. | (6) |
| A5. | Maraíodh é (ag clann Mhic Dhomhnaill ó Aontroim) | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*Éire: Topaic 3*
### An ríocht in aghaidh na coilíneachta - an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Athbheochan na Gaeilge | (6) |
| A2. | Clódóireacht i gcló Gaelach | (6) |
| A3. | Foclóir Gaeilge | (6) |
| A4. | Bhain sé a gcuid tailte agus a gcuid maoine de na Gaeil | (6) |
| A5. | Cúis bhailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*Éire: Topaic 4*

**Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660-1715**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Ardeaspag Caitliceach Chaisil | (6) |
| A2. | Is Caitlicigh iad formhór na ndaoine san arm | (6) |
| A3. | Caitliceach | (6) |
| A4. | A gcuid éide cléire a chaitheamh go poiblí | (6) |
| A5. | Chuaigh sé ar deoraíocht/cloíodh é i gCogadh an Dá Rí | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*Éire:* Topaic 5

**An choilíneacht in aghaidh na ríochta - teannas in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715-1770**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Mianadóireacht/muilleoireacht/bácáil | (6) |
| A2. | Osclaíodh muilte arbhair/oighinn bhácála | (6) |
| A3. | Mar agóid in aghaidh an dlí a dhiúltaigh cead do Chaitlicigh capall a bheith acu arbh fhiú níos mó ná £5 é | (6) |
| A4. | Bunaíodh Coiste na gCaitliceach mar thoradh orthu | (6) |
| A5. | Chun feabhsuithe a ghnóthú do Chaitlicigh | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*Éire: Topaic 6*

**Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Ag na Trí Charraig | (6) |
| A2. | Bhí siad ag máirseáil ar aghaidh agus ar gcúl (greim ar a bpící acu) | (6) |
| A3. | Bia agus deoch | (6) |
| A4. | Bhagair sé a chlaíomh orthu | (6) |
| A5. | Cúis bhailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

## *ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR*

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

### Creideamh agus cumhacht: an pholaitíocht sa séú haois déag dhéanach, 1567-1609

| | | |
|---|---|---|
| A1. | (Thart ar) 90,000 duine | (6) |
| A2. | Ba ansin a láimhseáladh trian de tháirgeadh éadaigh Shasana | (6) |
| A3. | Spíosraí (3m) agus siúcra (3m) | (6) |
| A4. | Úsáideadh i searmanais reiligiúnacha iad | (6) |
| A5. | Cúis bhailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

### Dul ar gcúl na Sean-Eorpa, 1609-1660

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Ní raibh air trúpaí a chur ar fáil le haghaidh seirbhís mhíleata taobh amuigh dá theorainneacha féin | (6) |
| A2. | Rinne sé iarracht trúpaí/airgead a fháil | (6) |
| A3. | Feallmharú ionadaí Philib | (6) |
| A4. | Níor tháinig aon airgead go Sevilla in 1649 | (6) |
| A5. | Fadhb AMHÁIN eile | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

### An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Sasanaigh óga/fir óga den uasalaicme/teagascóirí | (6) |
| A2. | D’fhoghlaim siad faoi ealaín chlasaiceach/shochaí na hEorpa | (6) |
| A3. | Napoli (3m) agus an Róimh (3m) | (6) |
| A4. | Bhain siad úsáid astu chun a dtithe a mhaisiú | (6) |
| A5. | Fadhb bhailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór:* Topaic 5
**Impireachtaí á mbunú, 1715-1775**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Leas a cuid géillsineach (3m) agus glóir a himpireachta (3m) | (6) |
| A2. | Ní dhearna (3m), ghlac sí an iomarca tionscadal ar lámh ag aon am amháin (3m) | (6) |
| A3. | Chuir sí iallach orthu obair gan stad gan staonadh | (6) |
| A4. | Is beag duine acu a bhí ardchumasach | (6) |
| A5. | Sampla bailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*
**Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775-1815**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Chun fiacha poiblí a ghlanadh/an chléir sna paróistí a íoc | (6) |
| A2. | Trí thoghcháin thuataí | (6) |
| A3. | Bhí ar an gcléir ar fad mionn dílseachta don Bhunreacht a ghlacadh | (6) |
| A4. | Dhiúltaigh an Pápa dó | (6) |
| A5. | Cúis bhailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MF = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MF = 10 marc

**Ceisteanna breise maidir le Roinn A ar leathanach 15 den scrúdpháipéar:**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Bhí sé ag iarraidh Anne Boleyn a phósadh/theastaigh mac uaidh | (6) |
| A2. | Mar bhí Caitríona pósta roimhe sin ar a dhearthháir. | (6) |
| A3. | Ní raibh mac aige ón bpósadh | (6) |
| A4. | Chun ríshliocht na dTúdarach a dhaingniú | (6) |
| A5. | Cúis bhailí AMHÁIN | (6) |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 400 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 301 - 303 | 29 |
| 304 - 306 | 28 |
| 307 - 310 | 27 |
| 311 - 313 | 26 |
| 314 - 316 | 25 |
| 317 - 320 | 24 |
| 321 - 323 | 23 |
| 324 - 326 | 22 |
| 327 - 330 | 21 |
| 331 - 333 | 20 |
| 334 - 336 | 19 |
| 337 - 340 | 18 |
| 341 - 343 | 17 |
| 344 - 346 | 16 |
| 347 - 350 | 15 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 351 - 353 | 14 |
| 354 - 356 | 13 |
| 357 - 360 | 12 |
| 361 - 363 | 11 |
| 364 - 366 | 10 |
| 367 - 370 | 9 |
| 371 - 373 | 8 |
| 374 - 376 | 7 |
| 377 - 380 | 6 |
| 381 - 383 | 5 |
| 384 - 386 | 4 |
| 387 - 390 | 3 |
| 391 - 393 | 2 |
| 394 - 396 | 1 |
| 397 - 400 | 0 |